

An Cheannaireacht agus an Fhoghlaim i gCúinsí Eisceachtúla

Eochairitheasc Thionól Forbartha Gaeloideachas i bpáirt le COGG 2022

Rónán Mac Con Iomaire, Stiúrthóir Forbartha Réigiúnaí, Pobail & Pleanála Teanga, Údarás na Gaeltachta

Déardaoin, an 5 Bealtaine 2022 in Óstán Pháirc Bhaile an Róistigh, Corcaigh

Thóg sé tamaillín orm mo chloigeann a fháil thimpeall ar an teideal don chaint seo agus nuair a d'fhiosraigh mé céard a bhí i gceist le cúinsí eisceachtúla, fuair mé freagra simplí: Covid!

Ah! Covid. Ar ndóigh. Is beagnach go raibh dearmad déanta agam ar an gCovid seo. Is aisteach an rud é, muid mar dhaoine, chomh sciobtha agus a théann muid i dtaithí ar an rud a bhí eisceachtúil ní hé i bhfad ó shin, agus nach bhfuil ina eisceacht níos mó againn. Níl mé ag rá gur féidir linn an gnáthshaol a dhéanamh de *rudaí nua, aisteacha*, i gcónaí ach dá ndéarfá liom liom i Márta 2020 go mbeadh an chéad dá bhliain eile caite agam ag obair ón mbaile, ag caint le mo chuid comhleacaithe tríd an scáileán, agus nach siúlfainn isteach i mo shiopa áitiúil, tí Sheáinín Tommy ar an gCeathrú Rua, gan masc, dhéarfainn leat go raibh tú craiceáilte.

Ach tharla na rudaí seo ar fad, agus i bhfad níos mó leis. B'éigean daoibhse, na hoideachasóirí, múnlaí nua múineadh a fhorbairt thar oíche. B'éigean dúinne, na tuismitheoirí, seomraí rangán agus oifigí oibre a dhéanamh den baile. Sin gan trácht ar na hospidéal, ag láimhseáil víreas trioblóideach, tógálach, a bhí ag líonadh a gcuid bárdáí in aghaidh an lae, sa mullach ar an mbrú damanta a bhíonn ar an gcóras sláinte ar aon nós.

Cúinsí eisceachtúla go deimhin. Ach níorbh fhada, mar shochaí, go ndeachaigh muid i dtaithí ar na cúinsí eisceachtúla, agus ba ghearr go raibh an rud eisceachtúil ina rud laethúil againn, más pianmhar, más místuama, más brónach féin.

Agus breathnaigh anseo inniu muid. Tá muid cruinnithe le chéile anseo i gCorcaigh, é de rogha againn mascanna a chaitheamh nó gan a chaitheamh, cibé céard a oireann dúinn, é de rogha againn lámh a chroitheamh nó gan a chroitheamh, cibé céard a oireann dúinn.

Ach ní túisce cúinse eisceachtúla amháin curtha ó dhoras againn go bhfuil ceann eile linn, i bhfoirm cogadh, teifigh, brú breosla agus bia, boilsciú, a cheap muid a bhí fágtha inár ndiaidh againn sna hochtóidí...

Is é an pointe atá dhá dhéanamh agam, is dóigh, ná go bhfuil cúinsí eisceachtúla ag fanacht thimpeall an choirnéil romhainn i gcónaí, cuid acu níos eisceachtúla ná a chéile, glacaim leis sin, ach sé nádúr an tsaoil é go bhfuil cúinsí go síor ag athrú, agus is eisceacht a bhíonn in aon athrú i dtosach, ach ní bhíonn muid mar chine daonna i bhfad ag teacht i dtaithí ar an athrú sin.

Is féidir leis na cúinsí seo, na hathruithe seo a bheith diúltach, dearfach, dúshlánach... sí an dúshlán dúinne ar fad sa seomra seo, a bhfuil rólanna ceannaireachta againn ar fad, más ins an seomra ranga, inár gcuid láithreacha oibre eile, inár gcuid pobail, i measc ár muintir, ná a chinntiú nach gcuirtear dá mbuille muid, nach n-úsáideann muid an dúshlán is deireannaí, nó an chéad dúshlán eile thimpeall an choirnéil, mar leithscéal muid féin a shaoradh ón dualgas ceannaireachta sin.

Anois, tá mise chun labhairt ar an deis atá againne mar phobal labhartha Gaeilge ár gcuid ceannaireachta a 'spáint, agus má tá béim Ghaeltachta ar an méid atá le rá agam, maith sin dom, tagann sé le mo chuid dualgais ceannaireachta féin!

Ach i dtosach báire, caithfidh mé aghaidh a thabhairt ar cheannairí an tseomra seo mar ní dóigh liom, ó chroí, gur féidir an dóthain béime a chur ar an tábhacht a bhaineann libhse mar cheannairí in bhur gcuid oibre. Tá mé ag ceapadh, nó ar a laghad tá súil agam, mar duine a bhfuil triúr clainne air, go bhfuil muid tagtha sa lá mar shoचाí go n-aithníonn muid luach an mhuinteora, luach an chórais oideachais trí chéile, i gcothú agus neartú ár gcuid daoine óga, ar bhealach cuid mhaith níos leithne ná mar a bhí san am atá caite.

Ach tá gné ceannaireachta eile ag baint libhse atá ag plé leis an ngaeloideachais, agus sin í gné na Gaeilge. Bhí mé go láidir den tuairim riamh gur sna scoileanna a luí neartú na Gaeilge sa nGaeltacht, comhthreomhar leis an méid a bhí ag tárlú sa mbaile i dtaobh na dtuismitheoirí.

Agus más tada é, tá an polasaí don oideachas Gaeltachta tar éis an tuairim sin a dhaingniú dhom, ón méid atá cloiste agam ó scoileanna fud fad na Gaeltachta. Ach ansin, cuireann cúinsí eisceachtúla a ladar sa scéal arís, Covid, agus an tionchar diúltach ar iompar teanga a bhí ag cúinsí Covid ar na dáлтаí is óige inár gcuid scoileanna. Ní hamháin iad mórán dhá bhliain gan bheith i mbun sóisialú sa gclós trí

Ghaeilge lena gcuid cairde, ach iad fágtha sa mbaile linne mar thuismitheoirí, ag iarraidh cúramaí oibre agus cúramaí clainne a bhainistiú, trí cúrsaí fosaíochta a chur amach ar chonradh chuig YouTube agus Netflix.

Agus más tada é, is deimhniú ar thábhacht an pholasaí oideachais Gaeltachta é an méid atá titithe amach i dtaobh Covid, mar ní hé go bhfuil an Ghaeilge anois réidh, tar éis dhá bhliain de naoináin bheaga agus naoináin mhóra bheith fágtha gan buntáiste agus leas an pholasaí a fháil.

Tá glúin nua naoináin bheaga ag teacht isteach sa bhfómhar, agus rompú chun tacú leo acmhainn luacmhar teanga a shealbhú, tá cur i bhfeidhm polasaí a d'éascair é féin as: ceannaireacht stocaireachta, ceannaireacht ionchur agus dréachtú polasaí, agus ansin faoi dheireadh, ceannaireacht cur i bhfeidhm.

Bhí mé ag ócáid inné, tráthúil go leor, ina raibh Príomhfheidhmeannach IBEC, Danny McCoy, ag cur síos ar an tábhacht a bhaineann le ceannaireacht cheart i dtaobh na heacnamaíochta, agus bhí dhá rud a deir sé a d'fhan liom i dtaobh na cainte seo inniu. An chéad cheann ná *“do the right thing at the right time, even if it's unpopular”*. Agus tá a fhios againn ar fad é seo, nach bhfuil a fhios?

Ach rud amháin fios a bheith agat air, agus rud eile cloí leis, in ainneoin é lárnach in aon cheannaireacht cheart, éifeachtach a imreoidh tionchar. Ach uaireannta, ní dhéanann muid an rud ceart ag an am ceart mar nach bhfuil muid ag iarraidh go mbreathnóidh muid go dona, mar nach bhfuil muid ag iarraidh duine éicint a spréachadh nó cur as dóibh, mar go mbeadh sé níos éasca é a dhéanamh ag am éigin eile.

Agus seo'd é cá mbíonn an briseadh síos go minic idir polasaí maith agus feidhmiú maith, idir straitéis mhaith agus toradh maith. *“Do the right thing at the right time, even if it's unpopular”*.

Dúirt mé cúpla nóiméad ó shin gur cheap mé go raibh sibhse ar na ceannairí is tábhachtaí sa tír seo i dtaobh na teangan de, agus ar fhaitíos go gceapadh sibh gur i mbun plámás a bhí mé, tabharfaidh mé sampla ó mo shaol féin don cheannaireacht seo i bhfeidhm sa seomra ranga, an rud ceart ag an am ceart mar a deir Danny McCoy, fiú más ar scála beag, agus an tionchar fadtéarmach, suntasach, gur féidir leis a bheith aige.

Tá an bheirt is sine agamsa críochnaithe leis an mbunscoil agus ar tí críochnú leis an mbunscoil, tá siad bliain i ndiaidh a chéile sa scoil. Nuair a chuaigh an chéad duine acu isteach go naoináin bheaga, Gaeilge a bhí aige, ar ndóigh, Gaeilge a bhí ag a chuid cairde ar fad, Gaeilge a bhí sa rang agus Gaeilge a bhí sa gclós. Ach dá labhróidís Béarla ó am go chéile eadarthu féin, ligfí i ngan fhios é, ní raibh aon mhaith fógairt orthu i gcónaí, cén dochar a bhí sé chun a dhéanamh?

Agus an bhliain dár gcionn, chuaigh an dara mac liom isteach sna naoináin bheaga chéanna sa scoil chéanna, ach go raibh múinteoir nua roimhe. Mar an gcéanna, Gaeilge sa mbaile, Gaeilge ag na cairde, Gaeilge sa gclós. Ach an t-am seo, léirigh an múinteoir tréith na ceannaireachta sin, an rud ceart ag an am ceart. Ní raibh aon *laissez faire* ann i dtaobh cén teanga a bhí na leanaí ag sioscadh eadrú féin. Rinne an múinteoir pointe de gur Gaeilge agus Gaeilge amháin a bheadh dhá labhairt acub faoina cúram siúd i naoináin bheaga.

Rud fánach, b'fhéidir, ach ocht mbliana síos an bóthar, cén toradh atá ar an idirdhealú beag seo idir an dá stíl cheannaireachta sa rang. Bhuel, tá grúpa amháin buachaillí ar an gCeathrú Rua a labhróidh meascán de Ghaeilge agus Béarla, ag braith ar an gcomhthéacs, ag braith ar an bplé, agus tá grúpa eile, bliain níos óige ná iad, a labhraíonn Gaeilge amháin eatrab féin, is cuma más ag imirt peile, nó ag imirt FIFA, nó cibé é.

Agus sin an fáth go dtugann an polasaí oideachais Gaeltachta muinín dom don todhchaí. Mar sin sampla de cheannaireacht éifeachtach, ardtionchair, agus bronann an polasaí an creatlach orainn chun an cheannaireacht sin a chur ar fáil ar bhealach a bhí deacair roimhe seo. Agus leis an gceannaireacht cheart ag fadú splanc na Gaeilge, tá todhchaí teanga linn i gcónaí. Agus deirim seo *in ainneoin na siniciúlachta*. In ainneoin *an síor-fhógra báis*.

Lá i ndiaidh lae, tá muid ag cloisteáil go bhfuil géarchéim sa nGaeltacht, agus cinnte, ní hionann chuire cheantar Gaeltachta i dtaobh láidreacht na Gaeilge mar theanga pobail. Ach tá sé sin amhlaidh le fada fíorach an lá. Níl sé i bhfad ó shin ó léigh mé píosa a scríobh an smaointeoir agus fealsúnaí, Des Fennell, don Irish Times, ag rá má bhí slánú le déanamh ar an nGaeilge mar theanga pobail, go raibh sé chomh maith an iarracht sin a dhíriú ar an stráice idir Bearna agus Carna i gConamara mar gurb é sin an t-aon mhór-stráice Gaeltachta a bhí fós fágtha ina raibh an Ghaeilge mar theanga pobail. Is in Aibreán 1969 a scríobh Des Fennell é sin.

Agus cinnte, tá creimeadh tagtha ar an nGaeltacht ó shin, ní haon duine soineanta mé a dhéarfadh a mhalairt leat. Tá brúnna nua ar an teanga, ar nós daonraí ag bogadh isteach agus amach as an nGaeltacht i saol atá i bhfad níos domhanda ná mar a bhí leathchéad bliaina ó shin. Tá an chumarsáid agus cultúr comhaimseartha ar fad, mórán, dhá fhorbairt agus dhá sheacadhadh trí Bhéarla ar ár gcuid fónanna. Ach fós, tá an teanga réidh, a deirtear linn arís agus arís eile, mar nach bhfuil tuismitheoirí ag labhairt Gaeilge lena gclann.

Ach is mó tuismitheoirí ná a mhalairt atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sna ceantair atá luaite agam. Téigh tusa ag cluiche peile faoi aois ar Pháirc an Cháthanaigh ar an gCeathrú Rua, nó ar Pháirc an Mháimín i Leitir Móir, nó ar Pháirc na mBreathnaigh in Indreabhán, agus tug cluais do cén teanga atá na tuismitheoirí ag labhairt lena gclann. Is mó Gaeilge i bhfad a chloisfidh tú ná Béarla.

Ach cá dtiteann ár gcluais? Ar an mBéarla. Ar an scéal diúltach. Cloisfidh muid an bheirt ina gcuid tríochaidí ag béarlóireacht le chéile, agus caillean muid amach ar an triúr déagóir atá ag siúl ina ndiaidh ag Gaeilgeoireacht go paiteanta, agus sin ansin an teachtaireacht a chraobhscaolíonn muid ag ceapadh gur maitheas atá muid ag déanamh, gurb é teachtaireacht an bháis is fearr a oibreoidh mar gurb é sin atá mar theachttaireacht ag chuile dhuine eile.

An dara rud a deir Danny McCoy inné ó thaobh na ceannaireachta ná: *“Follow the followers is a bad leadership strategy”*. Bhí seisean ag caint i dtaobh na polaitíochta, an claonadh atá ann ag páirtithe rialtais cáin a ghearradh mar gurb é sin atá óna gcuid lucht leannta, seachas cáin a ardú más é an rud ceart le déanamh é i dtaobh na heacnamaíochta. Leanann muid ár gcuid leantóirí, agus seo, i mo thuairimse, míthuiscint faoi céard is ceannaireacht ann.

“Follow the followers”. Sin a dhéanann muide i dtaobh na Gaeilge. Tagann taighde nó tuairim éigin chun cinn go bhfuil an teanga i mbaol. Fógraíonn muid, mar ghrúpa geallsealbhóirí na Gaeilge, bás na Gaeilge, ag tabhairt le fios nach bhfuil an bhuille a mharós an mhuic ach thimpeall an choirnéil uainn. Tugann muid aghaidh ar na polaiteoirí, ar Theach Laighean, ar thoghcháin, le glothar an bháis inár gcuid scórnaí.

Ach inseodh sibhse domsa aon uair gur oibrigh sé seo in aon chomhthéacs eile? Inis dom cén uair gur thug sibh go fonnmar faoi bhóithrín an bháis? Cé a chuaigh agus a cheannaigh fón Blackberry nuair a bhí Apple agus Android ag leagan cloch chinn ar uaigh an chomhlachta sin? Cé agaibh, le 10 mbliana anuas, a chaith €1,500 ar an Encyclopedia Britannica, nuair atá chuile eolas a d’fhéadfadh a

bheadh uait go deo ar fáil in aisce i do phóca anois? Nó cé mhéad agaibh a cheannaigh scaireanna i gcomhlacht déantúsaíochta DVDs le gairid?

Séard atá mé ag rá ná go n-aithníonn muid ar fad an bás, cuma teicneolaíocht nó treochtaí, agus sé an claonadh a bhíonn againn ná fanacht uaidh. Agus tá sé chomh fíor céanna nuair a thagann sé chomh fada le teanga. Má tá muide ag imeacht thimpeall ag fógairt bás na Gaeilge agus na Gaeltachta, cé atá iarraidh theacht linn ar an tóramh?

Ní raibh mé chomh cinnte riamh, bunaithe ar fhasach, bunaithe ar thaighde, bunaithe ar an stair, go leanfaidh bás scéal an bháis. Má deireann an duine atá ceithre scór bliain d'aois go bhfuil siad réidh, tá siad réidh ansin. Má fhógraíonn an saol mór go bhfuil foireann Bhaile Átha Cliath réidh, déanfaidh sé nead i gcluais an chontae, agus beidh siad réidh!

Má deireann muid go bhfuil an Ghaeilge réidh, agus *by dad*, is maith linn a bheith dhá rá, bhuel, agus maith dom mo Bhéarla, is é an baol atá ann ná go mbeidh muid fágtha leis an rud ar a dtugtar an *self-fulfilling prophesy*.

Tabharfaidh me sampla eile daoibh ó mo shaol féin. Thart ar seacht mbliana ó shin, bhí mé ag tabhairt mo chlann agus clann mo chomharsan síos ag an scoil, ag am go raibh taighde nua fógraithe arb é an ceannlíne a bhain leis ná go raibh deireadh leis an nGaeilge mar theanga pobail taobh istigh d'achar gairid blianta. Bhí bunús maith acadúil leis an taighde, agus b'í an mheoin ionraic a bhí ag na taighdeoirí, ag na heagrais Ghaeilge agus ag na geallsealbhóirí ar fad a bhfuil an Ghaeilge tábhachtach dúinn, más ar bhonn pobail, punt, nó cultúir, b'í an mheoin a bhí ann ná gur chóir béim a chur ar scéal an dé deireadh, agus cuireadh meáchan mhór le torthaí an taighde ar mhaithe lena chur ina luí ar pholaiteoirí go mbeadh an teanga réidh mura ndéanfaí rud eicint láithreach... láidriugh Acht na dTeangacha Oifigiúla, cuir tuilleadh airgid lenár gcuid buiséid, níos mó Gaeilge i dTeach Laighean. Bhí an teachtaireacht soiléir, b'fhéidir nach raibh an éileamh chomh soiléir céanna, ach b'í an teachtaireacht ná go raibh muid ar leaba an bháis.

Ag filleadh ar an gcarr lán le leanaí, maidin scoile thiar ar an gCeathrú Rua, thug mé suntas go raibh beirt acu i gcúl an chairr agus iad ag Béarlóireacht faoi Batman. Ní cuimhin liom céard a dúirt mé leob, ach seans gur rud éicint an-dearfach, an-éifeachtach ar nós "a, a leids, stopaigí ag labhairt Béarla!"

Agus nuair a dúirt mé é sin, d'iompaigh an duine is sine acu, a bhí ag suí amuigh chun tosaigh liom, d'iompaigh sí orm agus deir, cén mhaith dhuit ag caint, nach bhfuil sí ag fáil bháis ar aon nós? Nach raibh siad dhá rá ar an radio?

Sin díreach a deir sí. Agus bhain sé sin siar asam mar thuig mé ansin go raibh muid ag déanamh dearmad ar dhá rud anseo.

I dtosach báire, níl aon duine ag iarraidh pluid an bháis a tharraingt orthu féin, so tá an tionchar leis an gcineál seo stocaireachta, scéal chailleach an uafáis, maolaithe ar an bpointe boise.

Agus déanann muid dearmad go bhfuil pobal mór eile ansin do choismhuintir na Gaeltachta nach dtugann muid aird ar bith orthu i dtaobh tionchar ár gcuid teachtaireachtaí, agus sé sin:

Tá an Ghaeilge ag fáil bháis, céard sa deabhal atá tú ag déanamh ag cur stró ort féin do chlann a thógáil trí Ghaeilge?

Ach ar a laghad, níl na maidí ligthe le sruth ag na tuismitheoirí go fóill, mar ní mar sin a fheictear dóibh féin é in ainneoin na scéalta duairce.

Ní bhíonn uaidh aon tuismitheoir ach an rud is fearr a dhéanamh dá gclann, ag iarraidh na deiseanna is fearr a thabhairt dóibh. Sin ceannaireacht ag an leibhéal is dearfaí, Agus sin é an príomhfáth go bhfuil bhur gcuid Gaelscoileanna ag cur thar maoil, agus go bhfuil tuismitheoirí i gceantair Ghaeltachta ón Rinn go Rann na Feirste ag tógáil a gclann le Gaeilge.

Ceann de na tograí atá idir lámha againne in Údarás na Gaeltachta faoil láthair is ea lárionad don tionscail fuinnimh gaoithe eischósta a fhorbairt amach as calafort Ros an Mhíl. Tá an deis ann suas le 900 post lánaimseartha a fhorbairt, chonaic mé scríofa áit eicint le gairid go mbeadh Conamara mar Saudi Arabia na hEorpa.

Níl muid ag iarraidh, ar níos mó ná údar amháin, a bheith inár Saudi Arabia. Ach má bhreathnaíonn tú orthu sin agus ar thíortha eile sa Mheánoirthear, tá acmhainn nádúrtha acu atá ag ídiú leis, atá ar tí ritheacht amach. In Éirinn, tá níos mó ná gaoth againn mar acmhainn nádúrtha in-athnuaite.

Is fiú na milliúin, go díreach agus go hindíreach, an Ghaeilge do gheilleagar na Gaeltachta. Dhíol cliaint chomhlachtaí de chuid Údarás na Gaeltachta os cionn billiún euro de tháirgí anuraidh as féin,

agus chuir beagnach 500 milliún euro ar ais isteach go díreach in eacnamaíocht na hÉireann. Tá cuid de na comhlachtaí is núálaí ar domhan ag feidhmiú i gceantair áille, iargúlta, mar gur ceantair Gaeltachta iad.

Más ag déanamh páirteanna snáithín carbón do saithilití sa spás é, nó ag cur an pacáistiú ar fáil do cheapairí *Pret a Manger*, nó ag forbairt tástálacha Covid é, tarlaíonn sin ar fad, agus i bhfad níos mó, sa nGaeltacht.

Más ag glacadh páirt sa tionscal closamhairc is mó agus is bríomhaire sa tír taobh amuigh de Bhleá Cliath, is sa nGaeltacht a tharlaíonn sé.

Más ag obair le comharchumainn atá ag forbairt tograí fuinnimh pobail, tograí turasóireachta, tograí pleanála teanga, is sa nGaeltacht a tharlaíonn sé.

Más ag suí síos chun cianoibriú atá tú i gceann de hionaid an *gteic*, an gréasán is mó dá léithid in Éirinn, is sa nGaeltacht atá tú.

Gan Gaeilge, áfach, níl Gaeltacht againn. Ach tá an t-adh orainn, ach an oiread le fuinneamh gaoithe, gur acmhainn luachmhar inathnuaite í an Ghaeilge. Ach is acmhainn í a chaithfear a chothú. Agus is í an uirlis is luachmhaire atá againn mar cheannairí ná dearfach, dóchas agus deiseanna na teanga a aithint agus a chraobhscaoladh.

Tá cúinse amháin nach mbeidh eisceachtúil do dhuine ar bith againn, faraor, agus sin é an bás. Ach ní bás, ach bláth, atá i ndán d'aon teanga a labhartar le geann, dóchas, agus dearfach. Agus sin deis ceannaireachta dúinne ar fad.

Go raibh míle maith agaibh.

Nota beathaisnéise



Is é Rónán Mac Con Iomaire Stiúrthóir Forbartha Réigiúin, Pobail & Teanga Údarás na Gaeltachta, faoina dtagann cúraimí pleanála teanga, forbairt pobail, mionfhiontraíocht agus eile.

Roimhe seo, bhí sé mar Ghrúpcheannasaí Gaeilge ar RTÉ agus mar Leascheannaire ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Tá cúlra iriseoireachta agus mionfhiontraíochta ag Rónán. Bhí sé ina Chomhfhreagraí Rialtas Áitiúil do Nuacht RTÉ agus TG4, áit ar bhuaigh sé gradaim as a chuid iriseoireachta, chomh maith le bheith ag scríobh do leithéid an Irish Independent, Evening Herald agus Irish Times.

Chaith sé tréimhsí freisin i mbun a chuid comhlachtaí féin, ag feidhmiú i réimsí margaíochta agus fáilteachais.

Bronnadh gradam Scríbhneoir Úr na Bliana ar Rónán as a bheathaisnéis ar an dornálaí Seán Ó Mainnín, an leabhar Gaeilge is tapúla díol riamh, agus ar a bunaíodh an scannán faisnéise, Rocky Ros Muc. D'fhoilsigh Rowman & Littlefield a dara leabhar, *The Man Who Was Never Knocked Down*, in 2018, agus tá sé ag obair faoi láthair ar leabhar maidir le stair Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta.